**RABHADH**
**CAITHFEAR an ceistpháipéar seo a thabhairt ar ais le do fhreagarleabhar ag deireadh an scrúdaithe, nó caillfear marcanna.**

**Scríobh do Scrúduimhir anseo:** ☞

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2011

# GNÓ – GNÁTHLEIBHÉAL

**(400 marc)**

**DÉ MÁIRT, 14 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 2.00 - 4.30**

**FREAGAIR**

**(A)** **Deich** gceist as **ROINN 1**

**AGUS**

**(B)** **Ceithre** cheist as **ROINN 2** mar a leanas:

**Ceist amháin** as **Cuid 1** agus
**Dhá** cheist as **Cuid 2** agus
**Ceist amháin** eile as **Cuid 1** nó **Cuid 2**.

**Tá na ceisteanna go léir ar aon mharc.**

**Ceadaítear áireamháin a úsáid.**
**Déanamh agus Sórt an Áireamháin a Úsáideadh:**

| Ceist | Marc |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| 10 | |
| 11 | |
| 12 | |
| 13 | |
| 14 | |
| 15 | |
| Iomlán | |

**NÁ DÉAN DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A CHUR AR AIS I dTEANNTA AN FHREAGARLEABHAIR A ÚSÁIDTEAR CHUN CUID 2 A FHREAGAIRT**

# ROINN 1
**(100 marc)**
## CEISTEANNA GEARRFHREAGRA

**Freagair 10 gceist. Tá 10 marc ag gabháil le gach ceist. Cuir an ceistpháipéar seo ar ais in éineacht le do fhreagarleabhar, le do thoil.**

**1.** Cad dó a seasann na litreacha seo a leanas? (Scríobh gach freagra sa spás cuí.)

| | |
|---|---|
| CGB (AGM) | |
| CPT (PLC) | |
| AGE (AOB) | |

**2.** Mínigh an téarma 'infheisteoir' agus tabhair **dhá** shampla d'infheisteoirí.

Míniú: ____________________

____________________

____________________

Samplaí: (i) ____________________

(ii) ____________________

**3.** Cuir in iúl le tic (✓) an fhoinse airgeadais chuí dóibh seo a leanas:

| | Gearrthéarmach | Meántéarmach | Fadtéarmach |
|---|---|---|---|
| Veain seachadta | | | |
| Stoc a cheannach | | | |
| Síneadh a chur le monarcha | | | |
| Bille leictreachais a íoc | | | |

**4.** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis a ndéanann gnólachtaí Éireannacha earraí a onnmhairiú agus tabhair **dhá** shampla d'onnmhairí Éireannacha.

Cúiseanna:

(i) ____________________

(ii) ____________________

Samplaí: (i) ____________________

(ii) ____________________

**5.** Ciallaíonn 'inniúlacht conraithe' an cumas a bhíonn ag duine conradh dlíthiúil a dhéanamh. Liostaigh **trí** chúinse **nach** mbíonn inniúlacht conraithe ag duine iontu.

(i) ______________________________

(ii) ______________________________

(iii) ______________________________

**6.** Fuarthas an t-eolas seo a leanas ó chuntais Dhaltún Tta ar 31/12/2010:

Brabús Glan: **€40,000** Caipiteal in Úsáid: **€500,000**

Déan an Toradh ar Chaipiteal in Úsáid a ríomh:
(Taispeáin do chuid oibrithe.)
**Freagra:** ____________________ %

| Oibrithe: |
|---|
| |

**7.** Scríobh FÍOR nó BRÉAGACH i ndiaidh gach ráitis díobh seo a leanas:

| | **Ráiteas** | **Fíor nó Bréagach** |
|---|---|---|
| (i) | Ciallaíonn Meon Lánmhaith nach foláir don árachaí an fhírinne a insint agus na fíricí ábhartha go léir a nochtadh. | |
| (ii) | Baineann an Baisctháirgeadh le próiseas ina ndéantar an t-earra céanna a tháirgeadh go seasta. | |
| (iii) | I gcúrsaí árachais bíonn feidhm ag an bhForáil Chaillroinnte nuair atá árachas faoi bhun a luacha ar rud. | |
| (iv) | Is maith leis an gCeannaire Uathlathach a chuid fostaithe a bheith páirteach sa chinnteoireacht. | |
| (v) | Baineann an Jabtháirgeadh le próiseas ina ndéantar táirge singil aon-uaire de réir sonraíochta an chustaiméara. | |

**8.** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste atá ag Éirinn mar gheall ar a ballraíocht san AE.

(i) ______________________________

______________________________

(ii) ______________________________

______________________________

**9.** Liostaigh **trí** mhodh Cumarsáide Scríofa a d'fhéadfadh gnó a úsáid:

(i) ______________________________

(ii) ______________________________

(iii) ______________________________

**10.** Mínigh **gach ceann** de na téarmaí seo a leanas:

(i) Oiliúint ar an láthair:

______________________________

______________________________

(ii) Oiliúint ar láthair eile:

______________________________

______________________________

**11.** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** fheidhm atá ag Ceardchumann:

(i) ______________________________

______________________________

(ii) ______________________________

______________________________

**12.** Liostaigh **trí** fhoinse ioncaim a bhíonn ag teaghlach:

(i) ______________________________

(ii) ______________________________

(iii) ______________________________

**13.** Liosta de théarmaí gnó atá i gColún 1. Liosta de mhíniúcháin ar na téarmaí seo atá i gColún 2. **(Tá míniúchán amháin ann nach féidir a mheaitseáil le haon téarma díobh.)**

| Colún 1: Téarmaí Gnó | | Colún 2: Míniúcháin |
|---|---|---|
| **1.** Rialú Creidmheasa | **A.** | Is aidhm dó laghdú a chur ar líon na n-earraí fabhtacha a tháirgtear i ngnó. |
| **2.** Sochar Comhchineáil | **B.** | Tugtar scaireanna i ngnó do na fostaithe ar phraghas fabhrach. |
| **3.** Rialú Cáilíochta | **C.** | Éisteann tríú páirtí lena bhfuil le rá ag an dá thaobh in aighneas agus moltar réiteach. |
| **4.** Roinnt Brabúis | **D.** | Is aidhm dó a dhéanamh cinnte de go n-íocann custaiméirí in am trátha. |
| **5.** An tIdir-Réiteach | **E.** | Luach saothair nach airgead é a thugtar d'fhostaí. |
| | **F.** | Íoctar céatadán den bhrabús leis na fostaithe. |

Déan an dá liosta a mheaitseáil. Cuir on litir a bhaineann leis an míniúchán ceart faoin uimhir chuí thíos.

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |

**14.** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste don tomhaltóir a bhaineann leis an gCúirt Mhionéileamh.

(i) ____________________

____________________

(ii) ____________________

____________________

**15.** Má thiteann luach an **euro (€)** in aghaidh **Sterling (£)**, cuir in iúl an mbeadh súil leis go dtiocfadh **méadú** nó **laghdú** ar na nithe seo a leanas:

| | **Méadú** nó **Laghdú** |
|---|---|
| (i) Líon na gCuairteoirí ar Éirinn ón Ríocht Aontaithe | |
| (ii) Onnmhairí Éireannacha chun na Ríochta Aontaithe | |

**NÁ DÉAN DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A CHUR AR AIS LE DO FHREAGARLEABHAR**

# ROINN 2

**(300 marc)**

Freagair **ceithre** cheist as ROINN 2 mar a leanas:
**Ceist amháin** as **Cuid 1** agus
**Dhá** cheist as **Cuid 2** agus
**Ceist amháin** eile as **Cuid 1** nó **Cuid 2**.

# CUID 1

| DAOINE SA GHNÓ |
|---|

## CEIST 1

*Léigh an t-eolas a thugtar agus freagair na ceisteanna a leanas:*

> *Fuair Póilín Nic Cárthaigh fón póca nua óna tuismitheoirí mar bhronntanas ar a lá breithe.*
>
> *Tar éis seachtaine fuair Póilín amach nach raibh an rialaitheoir fuaime ag obair i gceart agus gurbh éigean an fón a athluchtú le cumhacht cúpla uair in aghaidh an lae.*
>
> *D'inis a tuismitheoirí di gur cheannaigh siad an fón i siopa BeirLeatFón agus thug siad an admháil di.*
>
> *Bhí an Gnó déanta mar ábhar scoile ag cara léi, Maidhc, agus mhínigh sé di go raibh sé de cheart aici faoin dlí fón a fháil a bhí de mhianach inmhargaidh, feiliúnach don chuspóir agus go raibh sí i dteideal sásamh a fháil.*

**(A)** (i) Ainmnigh an **dlí** a thugann cosaint do Phóilín Nic Cárthaigh sa chás seo. (10)

(ii) Mínigh céard ba cheart do Phóilín a dhéanamh in iarracht an cás a luaitear thuas a réiteach. (15)

(iii) Mínigh na **trí** théarma a bhfuil líne fúthu - **'mianach inmhargaidh**, **'feiliúnach don chuspóir** agus **'sásamh' -** ag tagairt don chás ina bhfuil Póilín.

(25)

> *Leis an Acht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 déantar an leithcheal sa láthair oibre neamhdhleathach agus bunaíodh an tÚdarás Comhionannais.*

**(B)** (i) Liostaigh **trí** fhoras ar a bhfuil an leithcheal neamhdhleathach faoin Acht seo. (15)

(ii) Tabhair breac-chuntas ar ról an Údaráis Comhionannais. (10)

**(75 marc)**

| NÁ DÉAN DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A CHUR AR AIS LE DO FHREAGARLEABHAR |
|---|

## TIMPEALLACHT INTÍRE / IDIRNÁISIÚNTA

### CEIST 2

*Léigh an t-eolas a thugtar agus freagair na ceisteanna a leanas:*

***'Ceannaigh i gCarraig' i mbaile na Carraige***

*Tá an cúlú eacnamaíochta tar éis baile na Carraige a bhualadh go dona. Dúnadh roinnt siopaí sa bhaile agus tá a dhá oiread daoine dífhostaithe anois le hais mar a bhí sa bhliain 2008. Dhá bhliain ó shin rinne Foirgníocht Mháirtín de Paor Tta, ceann de na comhlachtaí is mó a fhostaíonn daoine sa bhaile, 46 den 80 fostaí a bhí acu a ligean chun bealaigh.*

*Rinne grúpa áitiúil den lucht gnó cinneadh comhoibriú le chéile chun tacaíocht a thabhairt dá chéile agus chun iarracht a dhéanamh poist a choinneáil sa bhaile. Chas siad le hionadaí ón mBord Fiontar Contae áitiúil. Sheol siad feachtas mór poiblíochta, 'Ceannaigh i gCarraig', chun daoine áitiúla a spreagadh lena gcuid siopadóireachta a dhéanamh i mbaile na Carraige.*

*Bhuaigh Foirgníocht Mháirtín de Paor Tta conradh le déanaí chun cuid de shráidbhaile na lúthchleasaithe do Chluichí Oilimpeacha na bliana 2012 a thógáil i Londain. Beidh Máirtín agus 20 dá chuid iar-fhostaithe ag obair i Londain ar feadh bliana chun an conradh a chur i gcrích.*

**(A)** Déan cur síos ar **thrí** shlí a ndeachaigh an cúlú eacnamaíochta i bhfeidhm ar bhaile na Carraige, ag úsáid samplaí as an téacs thuas. (20)

**(B)** Mínigh **dhá** bhuntáiste do bhaile na Carraige a bhaineann leis an bhfeachtas 'Ceannaigh i gCarraig'. **(**20)

**(C)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste do gheilleagar na hÉireann de bharr gur bhuaigh Foirgníocht Mháirtín de Paor Tta an conradh a bhaineann le Cluichí Oilimpeacha na bliana 2012 i Londain. (20)

**(D)** Mínigh **dhá** sheirbhís a chuireann na Boird Fiontar Contae/Cathrach ar fáil do ghnólachtaí. (15)

**(75 marc)**

## TIMPEALLACHT INTÍRE / IDIRNÁISIÚNTA

### CEIST 3

*Léigh an t-eolas a thugtar agus freagair na ceisteanna a leanas:*

*Ta ról tábhachtach ag Cuideachtaí Trasnáisiúnta, gnólachtaí dúchasacha Éireannach agus tionscal na talmhaíochta má tá feabhas le teacht ar gheilleagar na hÉireann.*

**(A)** Mínigh **dhá** bhuntáiste do gheilleagar na hÉireann a bhaineann le tionscal na talmhaíochta. (15)

**(B)** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** bhealach ina bhféadfadh Rialtas na hÉireann cabhrú le gnó na hÉireann. (25)

**(C)** Mínigh **dhá** chúis a dtagann cuideachtaí trasnáisiúnta (cuideachtaí ilnáisiúnta) chun lonnú in Éirinn. (15)

**(D)** I gCáinaisnéis na bliana 2011 mhéadaigh an Rialtas na cánacha ar pheitreal agus ar dhíosal.
- (i) Tabhair breac-chuntas ar chúis **amháin** a bhí leis an méadú seo ar na cánacha.
- (ii) Déan cur síos ar **dhá** thoradh a thiocfaidh as an méadú seo ar na cánacha. (20)

**(75 marc)**

# CUID 2

## FIONTRAÍOCHT / BAINISTÍOCHT / GNÓ i nGNÍOMH

### CEIST 4

*Léigh an t-eolas a thugtar agus freagair na ceisteanna a leanas:*

*In Eanáir 2010 chonaic Iasón go raibh deis ghnó ann nuair a bhuail sneachta agus drochaimsir an tír. D'aithin sé an t-éileamh ollmhór a bhí ann go ndéanfaí an sneachta a ghlanadh ó na heastáit tithíochta, ó na cosáin agus ó na cabhsaí príobháideacha.*

*Chuaigh sé i gcomhpháirtíocht lena chara, Gearóid. Fuair siad cúnamh airgid óna gcuid tuismitheoirí agus fuair siad iasacht ón mbanc. Rinne siad trí cinn de mhion-innill ghlanta bóthair a iompórtáil ón tSualainn, meaisíní is féidir a úsáid chun sneachta agus oighear a ghlanadh den talamh sa gheimhreadh.*

*Le linn na mórthitime sneachta roimh Nollaig 2010, b'éigean do Iasón agus do Gearóid beirt a fhostú ar bhonn páirtaimseartha chun cabhrú leo leis an ualach breise oibre. Rinne Iasón cinneadh freastal ar ranganna oíche chun a thuilleadh a fhoghlaim faoi chúrsaí cánachais agus faoi ról an fhostóra.*

**(A)** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** cinn de thréithe/scileanna fiontraíochta a léirigh Jason. (15)

**(B)** Mínigh **dhá** bhuntáiste a ghabhann le comhpháirtíocht mar chineál gnó. (15)

**(C)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** thoisc a chuirfeadh banc san áireamh sula dtabharfaidís airgead ar iasacht do ghnólacht. (15)

**(D)** Déan cur síos ar **thrí** fhreagracht a bhíonn ar an bhfostóir i leith a chuid fostaithe. (20)

**(E)** Baintear úsáid as na foirmeacha seo a leanas i gcánachas ÍMAT:
Foirm P60, Foirm P45 and Foirm P21.
Tabhair breac-chuntas ar an aidhm atá le **dhá** cheann díobh. (10)

**(75 marc)**

## BAINISTÍOCHT / GNÓ I nGNÍOMH

### CEIST 5

*Léigh an t-eolas a thugtar agus freagair na ceisteanna a leanas:*

*Tá cónaí ar Shéamas Ó Dúill, a bhean Siobhán agus a mbeirt pháistí, i Luimneach. Tá Siobhán ag obair mar bhanaltra, agus tháinig laghdú le déanaí ar a pá comhlán agus ar a pá glan. Péintéir/maisitheoir is ea Séamas, agus ligeadh chun bealaigh é le gairid.*

*Tuigeann siad nach foláir dóibh gearradh siar ar a gcuid caiteachais agus tá cinneadh déanta acu buiséad teaghlaigh a ullmhú don bhliain atá le teacht. Ina theannta sin, is mian leo athbhreithniú a dhéanamh ar an gclúdach árachais atá acu.*

*Leis an airgead iomarcaíochta a fuair sé ba mhaith le Séamas gnó péintéara/maisitheora dá chuid féin a bhunú agus tá sé ag smaoineamh ar veain a fháil ar léas.*

**(A)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste a bhaineann le buiséad teaghlaigh a ullmhú. (15)

**(B)** Mínigh buntáiste **amháin** agus míbhuntáiste **amháin** a bhaineann le nithe a fháil ar léas. (15)

**(C)** (i) Ainmnigh **trí** chineál árachais a d'fhéadfadh a bheith ag teaghlach Uí Dhúill.
(ii) Mínigh **dhá cheann** díobh. (15)

**(D)** (i) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste a rachadh chun tairbhe do Shéamas dá ndéanfadh sé gnó dá chuid féin a bhunú.
(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** dheacracht a d'fhéadfadh a bheith roimh Shéamas le linn gnó dá chuid féin a bhunú. (20)

**(E)** Mínigh na téarmaí 'pá comhlán' agus 'pá glan'. (10)

**(75 marc)**

## CEIST 6

*Léigh an t-eolas a thugtar agus freagair na ceisteanna a leanas:*

### Dearadh Cniotála Mharia Tta

*Thaitin sé riamh le Maria éadaí a dhearadh agus a chniotáil dá cairde agus dá muintir. Le dhá bhliain anuas tá sí tar éis earraí dá cuid féin a chur ar fáil do bhúitíceanna éadaí áitiúla agus tá ag éirí go hiontach leo.*

*Anois is mian le Maria gnó a dhéanamh den chaitheamh aimsire seo aici. Tá comhairle faighte aici ó chomhairleoir gnó áitiúil darb ainm Diarmuid Mac Seoin.*

*Mhol seisean di cuideachta theoranta a bhunú, rud a bhronnfadh uirthi an buntáiste de bheith faoi dhliteanas teoranta. Ina theannta sin, mhol sé di taighde margaidh a dhéanamh, cinneadh a dhéanamh faoi na meáin fógraíochta atá uaithi, cinneadh a dhéanamh faoin spriocmhargadh atá uaithi agus machnamh a dhéanamh ar ainm branda.*

**(A)** Cad is brí don abairt 'an buntáiste de bheith faoi dhliteanas teoranta' mar a luaitear sa sliocht thuas? (10)

**(B)** Mínigh na téarmaí seo a leanas as réimse an taighde margaidh agus tabhair sampla **amháin** de gach ceann díobh:
(i) Taighde allamuigh
(ii) Taighde deisce. (20)

**(C)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste a bhainfeadh Maria as ainm branda a bheith aici dá cuid earraí cniotála. (10)

**(D)** (i) Mínigh feidhm **amháin** de chuid na fógraíochta.
(ii) Déan cur síos ar **thrí** mheán fógraíochta a d'fhéadfadh Maria a chur san áireamh. (20)

**(E)** (i) Cad is brí don téarma 'spriocmhargadh'?
(ii) Ainmnigh sampla **amháin** de spriocmhargadh. (15)

**(75 marc)**

**NÁ DÉAN DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A CHUR AR AIS LE DO FHREAGARLEABHAR**

**CEIST 7**

*Léigh an t-eolas a thugtar agus freagair na ceisteanna a leanas:*

# Togha Gach Bia

*Tá ag éirí go maith le* **Togha Gach Bia***, caife delicatessen a bhunaigh an bpríomhchócaire cáilithe Martina de Faoite trí bliana ó shin. Chonaic sí bearna a bhí ann sa mhargadh i gcomhair mearbhia ardchaighdeáin le haghaidh custaiméirí a d'fhanfadh ar láthair agus dóibh siúd a bhéarfadh leo é.*

*Is í an ghné uathúil dhíolacháin (USP i mBéarla) atá ag* **Togha Gach Bia** *go mbaineann an gnó úsáid as comhábhair a fhástar go háitiúil agus a tháirgtear go horgánach. D'ullmhaigh Martina, Plean Gnó agus anailís LLDB (SWOT) araon don ghnó.*

*Ba mhaith léi an gnó a mhéadú agus tá sé i gceist aici suíomh idirlín a bhunú.*

**(A)** Mínigh an téarma 'anailís LLDB'. (20)

**(B)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste a bhaineann le plean gnó a ullmhú. (10)

**(C)** (i) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste a bhainfeadh **Togha Gach Bia** as suíomh idirlín a bheith aige.
(ii) Mínigh **dhá** dhúshlán a chruthaíonn an t-idirlíon don ghnó.
(20)

*Tá Mairéad Ní Mhóráin ina Bainisteoir Acmhainní Daonna le* **Togha Gach Bia** *agus tá sí ag obair faoi láthair ar fheachtas chun Bainisteoir Margaíochta a earcú.*
*Ní foláir don té a cheapfar céim sa Mhargaíocht a bheith aige nó aici agus ar a laghad taithí trí bliana ag leibhéal bainistíochta. Ba mhaith le* **Togha Gach Bia** *iarratais a fháil ó dhaoine a bhfuil na cáilíochtaí cuí acu agus a bhfuil taithí acu ar dhíolachán idirlín.*
*Bheadh eolas ar thionscal na lónadóireachta ina bhuntáiste agus ní foláir a bheith in ann oibriú mar chuid d'fhoireann.*

*Ní mór iarratais a chur ar aghaidh faoin 30 Meitheamh 2011 chuig:*

*Mairéad Ní Mhóráin*
*Bainisteoir Acmhainní Daonna*
*Togha Gach Bia*
*63 Príomhshráid*
*Corcaigh.*

**(D)** (i) Déan fógra nuachtáin oiriúnach a dhréachtú ina lorgaítear Bainisteoir Margaíochta.
(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste a thugann obair bhuíne do ghnó. (25)

**(75 marc)**

**NÁ DÉAN DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A CHUR AR AIS LE DO FHREAGARLEABHAR**

**BAINISTÍOCHT / GNÓ I nGNÍOMH**

**CEIST 8**

*Léigh an t-eolas a thugtar agus freagair na ceisteanna a leanas:*

# *Óstán Uí Bhrádaigh*

*Gnó suite i mbaile cois farraige agus atá faoi stiúir teaghlaigh is ea Óstán Uí Bhrádaigh. Cuireann sé seirbhísí lóistín, bialainne agus beáir ar fáil. Is ar Mharc Ó Brádaigh atá an cúram foriomlán as bainistiú an óstáin.*


*Is mian leis an t-óstán a uasghrádú.*

*Ainneoin a chuid pleananna don óstán, tá sé tugtha faoi deara ag Marc nach mór an t-inspreagadh atá i gcuid d'fhoireann an óstáin. Tá sé ar a dhícheall anois ag iarraidh inspreagadh na foirne a fheabhsú.*

**(A)** Mínigh **dhá** bhuntáiste a thiocfadh as Óstán Uí Bhrádaigh a uasghrádú. (15)

**(B)** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** mhodh a d'fhéadfadh Marc a úsáid chun inspreagadh na foirne a fheabhsú. (20)

**(C)** Léirítear Tosaíochtaí na Riachtanas ag Maslow thíos anseo.
(i) Liostaigh leibhéal 2, 3 agus 5 (*i do fhreagarleabhar*).
(ii) Mínigh go hachomair **dhá cheann** de na cúig leibhéal.
(20)




**(D)** Le cúnamh an eolais sa tábla thíos freagair na ceisteanna a leanas:

| **CLÁR COMHARDAITHE Óstán Uí Bhrádaigh (Sliocht)** | | |
|---|---|---|
| | **2010** | **2009** |
| | **€** | **€** |
| Sócmhainní Reatha | 900,000 | 800,000 |
| Fiachais Reatha | 500,000 | 400,000 |

(i) Ríomh Cóimheas an Chaipitil Oibre do na blianta 2010 agus 2009.
(Taispeáin an fhoirmle agus do chuid oibre go léir.)

(ii) Mínigh cé acu feabhas nó meath a tháinig ar an gcóimheas. (20)

**(75 marc)**

**NÁ DÉAN DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A CHUR AR AIS LE DO FHREAGARLEABHAR**

Leathanach Bán